### Ceacht a Naoi Lesson Nine

# Briathra Áisiúla Useful Verbs

## Leathanach 1 Page 1

- Ar ith tú an císte?
   D'ith. D'ith mé ar maidin é.
   Nár ith tú an císte?
   Níor ith. D'ith Máire é.
- 2. Ar chuala tú an scéal?Chuala. Bhí an-áthas orm.Nár chuala tú an scéal?Níor chuala. Níor chuala mé faic.
- 3. Ar tháinig tú abhaile go luath?Tháinig. Bhí tuirse orm.Nár tháinig tú abhaile go luath?Níor tháinig. D'fhan mé amuigh.
- 4. Ar thug tú leat é?Thug. Is maith liom go mór é.Nár thug tú leat é?Níor thug. Ní maith liom é.
- 5. An ndearna tú an císte sin? Rinne. Nach bhfuil sé blásta? Nach ndearna tú an císte sin? Ní dhearna. Ní maith liom císte.
- 6. An ndeachaigh tú abhaile? Chuaigh. Bhí ocras orm. Nach ndeachaigh tú abhaile? Ní dheachaigh. D'fhan mé anseo.
- 7. An bhfaca tú mo mhadra? Chonaic. Bhí sé sa ghairdín. Nach bhfaca tú mo mhadra? Ní fhaca. Ní raibh sé anseo.
- 8. An bhfuair tú mo litir?Fuair. Fuair mé inné í.Nach bhfuair tú mo litir?Ní bhfuair. Ní raibh mé sa bhaile.
- 9. An ndúirt tú é sin le Seán?Dúirt. Bhí fearg orm inné.Nach ndúirt tú é sin le Seán?Ní dúirt. Ní dúirt mé faic leis.

Did you eat the cake? Yes. I ate it in the morning. Didn't you eat the cake? No. Mary ate it.

Did you hear the news? Yes. I was very happy. Didn't you hear the news? No. I didn't hear anything.

Did you come home early? Yes. I was tired. Didn't you come home early? No. I stayed outside.

Did you take it with you? Yes. I like it a lot. Didn't you take it with you? No. I don't like it.

Did you make that cake? Yes. Isn't it tasty? Didn't you make that cake? No. I don't like cake.

Did you go home? Yes. I was hungry. Didn't you go home? No. I stayed here.

Did you see my dog? Yes. It was in the garden. Didn't you see my dog? No. It wasn't here.

Did you get my letter? Yes. I got it yesterday. Didn't you get my letter? No. I wasn't at home.

Did you say that to Seán? Yes. I was angry yesterday. Didn't you say that to Seán? No. I didn't say anything to him.

## Ceacht a Naoi Lesson Nine

# Briathra Áisiúla Useful Verbs

Leathanach 2 Page 2

#### Comhrá 1

A: An bhfaca tú Seán inniu?

B: Ní fhaca. Nár chuala tú an scéal?

A: Níor chuala. Cén scéal?

B: Chuaigh sé go hÉirinn inné.

A: Cár chuala tú é sin?

B: Dúirt a mháthair liom é.

#### Comhrá 2

A: Cá ndeachaigh tú aréir?

B: Chuaigh mé go hEncinitas.

A: Cad a rinne tú ansin?

B: D'ith mé dinnéar le mo chara.

A: Cár ith sibh an dinnéar?

B: D'ith muid i mbialann é.

#### Comhrá 3

A: An bhfuair tú mo litir?

B: Fuair. Fuair mé inné í.

A: An bhfuair tú aon rud eile?

B: Fuair. Fuair mé bronntanas ó Thadhg.

A: An bhfuair tú cárta ó Shéamus?

B: Ní bhfuair.

#### Comhrá 4

A: Fuair mé albam nua inniu.

B: An bhfuair? An maith leat é?

A: Is breá liom é.

B: Ar thug tú leat é?

A: Thug. Seo duit.

Ar chuala tú riamh é?

B: Níor chuala go fóill.

#### **Conversation 1**

Did you see John today?

No. Didn't you hear the news?

No. What news?

He went to Ireland yesterday.

Where did you hear that?

His mother told me.

#### **Conversation 2**

Where did you go last night?

I went to Encinitas.

What did you do there?

I ate dinner with my friend.

Where did you eat the dinner?

We ate it in a restaurant.

#### **Conversation 3**

Did you get my letter?

Yes. I got it yesterday.

Did you get anything else?

Yes. I got a present from Tim.

Did you get a card from Jim?

No.

#### **Conversation 4**

I got a new album today.

Did you? Do you like it?

I love it.

Did you bring it with you?

Yes. Here it is.

Did you ever hear it?

I haven't yet.

## Ceacht a Naoi Lesson Nine

# Briathra Áisiúla Useful Verbs

# Leathanach 3 Page 3

Les	son Nine Userui	verus Pag
2.	An raibh sé sa bhaile inniu? Bhí sé tinn. Ní raibh sé sa chistin.	Was he at home today. He was ill. He wasn't in the kitchen.
<b>5.</b>	An ndeachaigh tú go hÉirinn? Chuaigh mé go Meicsiceo. Ní dheachaigh mé abhaile.	Did you go to Ireland? I went to Mexico. I didn't go home.
8.	An bhfaca tú an siúcra? Chonaic mé an bord nua. Ní fhaca mé an t-úll ar an mbord.	Did you see the sugar? I saw the new table. I didn't see the apple on the table.
11.	An ndearna sí caife duit? Rinne sí cupán tae dom. Ní dhearna sí rud ar bith dom.	Did she make coffee for you? She made a cup of tea for me. She didn't do anything for me.
14.	An bhfuair tú uachtar reoite? Fuair mé gloine uisce. Ní bhfuair mé an ghairleog.	Did you get ice cream? I got a glass of water. I didn't get the garlic.
<b>17.</b>	An ndúirt tú é sin? Dúirt sé rud éigin gránna liom. Ní dúirt mé faic.	Did you say that? He said something nasty to me. I didn't say anything.
20.	Ar chuala tú an scéal? Chuala sí an madra. Níor chuala mé thú.	Did you hear the news? She heard the dog. I didn't hear you.
23.	Ar ith tú an t-arán? D'ith mo chat na brioscaí. Níor ith sé na bananaí.	Did you eat the bread? My cat ate the cookies. He didn't eat the bananas.
<b>26.</b>	Ar tháinig Máire leat? Tháinig sí liom inné. Níor tháinig an madra ar ais.	Did Mary come with you? She came with me yesterday. The dog didn't come back.
	Ar thug tú milseáin leat? Thug mé cupán tae dó.	Did you bring sweets with you? I gave a cup of tea to him.

He didn't bring a pen with him.

**30.** Níor thug sé peann leis.